2024/1608

6.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1608 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Meitheamh 2024

lena gcuirtear allmhairí eiritríotóil de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Samhain 2023, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh'), gur tionscnaíodh imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí eiritríotóil isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') tar éis gearán a rinne Jungbunzlauer S.A. ('an gearánach'), an t-aon táirgeoir eiritríotóil san Aontas , an 9 Deireadh Fómhair 2023.

1. TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR CLÁRÚCHÁIN

(2) Is é an táirge atá faoi réir clárúcháin eiritríotól ar milseoir alcóil (polól) ceithre charbón é atá déanta as siúcra nó glúcós, ina fhoirm íon nó atá i gcumaisc ina bhfuil níos lú ná 10 % de tháirgí eile de réir meáchain, táirge a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2905 49 00 le haghaidh eiritríotóil ina fhoirm íon agus faoi chóid AC ex 2106 90 92 agus ex 2106 90 98 le haghaidh táirgí cumaiscthe (cóid TARIC 2905 49 00 15, 2106 90 92 65, agus 2106 90 98 15), ('an táirge lena mbaineann') de thionscnamh na Síne.

2. IARRAIDH

(3) An 10 Aibreán 2024, thíolaic an gearánach iarraidh ar chlárúchán de bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. D'iarr an gearánach go gcuirfí allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir clárúcháin ionas go bhféadfar bearta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin ó dháta an chláraithe.

3. NA FORAIS LE CLÁRÚCHÁN A DHÉANAMH

(4) De réir Airteagal 14(5) den 'bun-Rialachán', féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt do na húdaráis chustaim na céimeanna iomchuí a thabhairt chun allmhairí a chlárú, ionas go bhféadfar bearta a chur i bhfeidhm dá éis sin i gcoinne na n-allmhairí sin ó dháta an chláraithe sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leagtar amach sa bhun-Rialachán. Féadfar allmhairí a chur faoi réir clárúcháin tar éis iarraidh a fháil ó thionscal an Aontais ina bhfuil fianaise leordhóthanach chun údar a thabhairt leis sin.

(5) Líomhain an gearánach, ar bhonn na sonraí is déanaí a luaitear i bhfonóta 3, go raibh méadú suntasach ar allmhairí an táirge lena mbaineann ó tionscnaíodh an t-imscrúdú ar dócha go mbainfeadh sé an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna cinntitheacha féideartha.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO C, C/2023/1020, 21.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1020/oj.

(6) Níorbh fhéidir foinse na sonraí a bhaineann le honnmhairí na Síne chuig an Aontas a nochtadh ar iarraidh ón soláthraí sonraí. Mar sin féin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil ar na sonraí a sholáthair an gearánach le foinsí staidrimh eile a bhí ar fáil (Eurostat agus Surveillance) agus le sampláil agus freagraí ceistneora ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne.

(7) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfianaise a bhí ar fáil dó i bhfianaise Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. D'fhíoraigh an Coimisiún an é go raibh na hallmhaireoirí ar an eolas faoin dumpáil a mhéid a bhaineann le méid na dumpála agus na díobhála a líomhnaítear nó a fuarthas nó ar cheart iad a bheith ar an eolas fúthu. Rinne sé anailís freisin féachaint an raibh ardú suntasach breise ar allmhairí, i bhfianaise a uainithe agus a mhéid agus cúinsí eile, ardú ar dócha go mbainfidh sé an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na dleachta frithdhumpála cinntithí atá le cur i bhfeidhm.

3.1. **Feasacht na n-allmhaireoirí faoin dumpáil, faoi mhéid na dumpála agus an díobháil a rinne siad de réir na líomhaintí**

(8) Ag an bpointe seo, tá fianaise leordhóthanach ag an gCoimisiún go bhfuil allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín á ndumpáil. Go háirithe, sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach maidir le dumpáil bunaithe ar chomparáid idir gnáthluach a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, agus praghas onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann (ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha) nuair a dhíoltar é lena onnmhairiú chuig an Aontas. Ar an iomlán agus i bhfianaise mhéid na gcorrlach dumpála idir 151 % agus 189 % a líomhnaítear, chuir an fhianaise sin tacaíocht leordhóthanach ar fáil ar an gcéim seo go ndéanann na táirgeoirí onnmhairiúcháin dumpáil.

(9) Ina theannta sin, cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil sa ghearán ar dhíobháil a líomhnaítear do thionscal an Aontais, díobháil lena n-áirítear forbairt dhiúltach ar phríomhtháscairí feidhmíochta i leith thionscail an Aontais.

(10) Bhí an fhaisnéis sin sa leagan neamhrúnda den ghearán agus san fhógra tionscnaimh don imeacht seo araon a foilsíodh an 21 Samhain 2023. Ó lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is doiciméad poiblí é an fógra tionscnaimh a bhfuil rochtain ag na páirtithe leasmhara uile air, lena n-áirítear allmhaireoirí. Thairis sin, mar pháirtithe leasmhara san imscrúdú, tá rochtain ag na hallmhaireoirí ar an leagan neamhrúnda den ghearán. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh na hallmhaireoirí ar an eolas faoi na cleachtais dumpála líomhainte, faoi mhéid na dumpála agus faoin díobháil líomhainte, nó gur cheart dóibh a bheith ar an eolas faoi na cleachtais sin.

(11) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh an critéar maidir le clárúchán a leagtar amach in Airteagal 10(4)(c) den bhun-Rialachán.

3.2. **Méadú breise suntasach ar allmhairí**

(12) Le sonraí Eurostat, ní féidir anailís iomlán a dhéanamh ar éabhlóid allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín isteach san Aontas don tréimhse roimh thionscnamh an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún anailís ar an gcritéar in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán ar bhonn na faisnéise speisialaithe margaidh ó sholáthraí sonraí, arna soláthar ag an ngearánach mar aon le faisnéis a fuarthas ó bhunachair sonraí Eurostat agus Surveillance 3.

(13) Chun a mheas ar tharla méadú suntasach breise ó tionscnaíodh an t-imscrúdú, rinne an Coimisiún comparáid idir leibhéal na n-allmhairí ón gcéad mhí iomlán tar éis thionscnamh an imscrúdaithe (Nollaig 2023) go dtí an mhí iomlán is déanaí a bhí ar fáil (Márta 2024) leis na méideanna comhfhreagracha allmhairí sa tréimhse chéanna den bhliain roimhe sin (Nollaig 2022 – Márta 2023).

Allmhairí ón tSín Nollaig-Márta ó bhliain go bliain

	Nollaig 2022 – Márta 2023	Nollaig 2023 – Márta 2024	Athrú
Onnmhairí ón tSín chuig an Aontas in kg	5 519 958	6 968 666	+ 26,2 %

Foinse: Soláthraí sonraí staitisticí onnmhairiúcháin de chuid na Síne (Ós rud é go dtagann eiritríotól faoi chód 'bascaeid' AC 2905 49 00 le haghaidh eiritríotóil ina fhoirm íon agus faoi chóid AC 2106 90 92 agus 2106 90 98 le haghaidh táirgí cumaiscthe faoi láthair, níorbh féidir measúnú a dhéanamh ar staitisticí allmhairiúcháin ó Eurostat sna tréimhsí roimh thionscnamh na himeachta. Ina ionad sin, bhí staitisticí allmhairiúcháin bunaithe ar shonraí ó sholáthraí faisnéise speisialaithe margaidh a sholáthraíonn staitisticí trádála na Síne a bhfuil síntiús ag an ngearánach leis. Tá an anailís ar allmhairí chun críocha an imscrúdaithe ina iomláine bunaithe ar shonraí ón soláthraí sin).

(14) Ar an mbonn sin, shuigh an Coimisiún go raibh meánmhéid míosúil allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín sa tréimhse ó mhí na Nollag 2023 go mí Márta 2024, i.e. tar éis thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála, 26,2 % níos airde ná mar a bhí le linn na tréimhse céanna den bhliain roimhe sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(15) Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún comparáid freisin idir na meán-allmhairí míosúla le linn na tréimhse imscrúdúcháin ([3]) (1 Deireadh Fómhair 2022 go 30 Meán Fómhair 2023) agus na meán-allmhairí míosúla sna 3 mhí iomlán tar éis thionscnamh an imscrúdaithe (Nollaig 2023 go Márta 2024). Léirigh an chomparáid, faoi mar a shonraítear sa tábla thíos, go raibh méadú 58,8 % ann.

Allmhairí ón tSín sa tréimhse imscrúdúcháin agus tar éis thionscnamh an imscrúdaithe

	An tréimhse imscrúdúcháin	An tréimhse imscrúdúcháin, an meán míosúil	Nollaig 2023 – Márta 2024	Nollaig 2023 – Márta 2024, an meán míosúil	Athrú
Onnmhairí ón tSín chuig an Aontas in kg	13 168 288	1 097 357	6 968 666	1 742 167	+ 58,8 %

Foinse: Soláthraí sonraí staitisticí onnmhairiúcháin de chuid na Síne.

(16) Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún gur tháinig méadú suntasach ar allmhairí an táirge lena mbaineann tar éis thionscnamh an imscrúdaithe.

(17) Dá bharr sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh an dara critéar maidir le clárúchán freisin.

3.3. An bonn a bhaint d'éifeacht cheartaitheach na dleachta

(18) Tá fianaise leordhóthanach ag an gCoimisiún go mbeadh díobháil bhreise ann mar thoradh ar mhéadú leanúnach ar allmhairí ón tSín, rud a laghdódh praghsanna a thuilleadh.

(19) Mar a léirítear in aithrisí (13) go (15), tá fianaise leordhóthanach ann go bhfuil méadú suntasach tagtha ar allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín sa tréimhse tar éis thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála. Tugann méid substainteach an mhéadaithe sin le fios cheana féin gur dóchúil go mbainfí an bonn d'éifeacht cheartaitheach na dleachta cinntithí dá gcomhlíonfaí na coinníollacha dlíthiúla.

([3]) Chumhdaigh an tréimhse imscrúdúcháin an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023.

(20) Ina theannta sin, tá fianaise ann go bhfuil treocht laghdaitheach i bpraghsanna allmhairiúcháin an táirge lena mbaineann.

	An tréimhse imscrúdúcháin	Nollaig 2023 – Márta 2024	Athrú
Praghsanna in EUR/kg	1,57	1,54	- 2,0 %

Foinse: Soláthraí sonraí staitisticí onnmhairiúcháin de chuid na Síne.

(21) I ndáil leis sin, cé nár léirigh praghsanna allmhairiúcháin ón tSín isteach san Aontas sa tréimhse Nollaig 2023 – Márta 2024 athrú ar an meán, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna bliain roimhe sin, i.e. Nollaig 2022 – Márta 2023, nuair a léirítear laghdú 2 % i gcomparáid leis an meán míosúil sa tréimhse imscrúdúcháin. Is dócha go mbainfidh sé sin an bonn go mór ó éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna atá le cur i bhfeidhm.

(22) Dá bhrí sin, i bhfianaise uainiú, mhéid agus imthosca eile an mhéadaithe breise sin ar allmhairí tar éis an cás a thionscnamh (mar shampla, acmhainneacht bhreise sa tSín agus iompraíocht phraghsála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin), is dócha go mbainfidh an t-ardú breise sin an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach aon dleachta cinntithí, mura rud é go gcuirfí an dleacht sin i bhfeidhm go cúlghabhálach.

(23) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gur comhlíonadh an tríú critéar maidir le clárúchán freisin.

3.4. **Conclúid**

(24) Ar bhonn an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun údar a thabhairt le hallmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir clárúcháin i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán.

4. **NÓS IMEACHTA**

(25) Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil. Féadfaidh an Coimisiún éisteacht le páirtithe leasmhara, ar choinníoll go ndéanann siad iarraidh i scríbhinn agus go dtaispeánann siad go bhfuil cúiseanna ar leith ann le héisteacht a thabhairt dóibh.

5. **CLÁRÚCHÁN**

(26) De bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, ba cheart allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín a chur faoi réir clárúcháin chun a áirithiú, dá mba rud é go bhforchuirfí dleachtanna frithdhumpála mar thoradh ar thorthaí an imscrúdaithe, go bhféadfar na dleachtanna sin, más rud é go gcomhlíontar na coinníollacha is gá, a thobhach go cúlghabhálach i leith na n-allmhairí cláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla is infheidhme.

(27) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe a thiocfadh sé.

(28) Maidir leis na líomhaintí sa ghearán inar iarradh imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh, meastar meánchorrlach dumpála 170 % agus meánleibhéal díothaithe díobhála 156,5 % a bheith ann le haghaidh an táirge lena mbaineann. De ghnáth, dhéanfaí méid an dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar an leibhéal is ísle den dá leibhéal sin de réir Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

(29) Is féidir méid an dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a mheas ag leibhéal díothaithe na díobhála a líomhnaítear sa ghearán, is é sin suas le 156,5 % *ad valorem* ar luach allmhairiúcháin CAL an táirge lena mbaineann.

6. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(30) Próiseálfar aon sonraí pearsanta a bhailítear i gcomhthéacs an chlárúcháin seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, de bhun Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a thabhairt chun go gclárófar allmhairí eiritríotóil, ar milseoir alcóil (polól) ceithre charbón é atá déanta as siúcra nó glúcós, ina fhoirm íon nó atá i gcumaisc ina bhfuil níos lú ná 10 % de tháirgí eile de réir meáchain, táirge a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2905 49 00 i gcás eiritríotól ina fhoirm íon agus cóid AC ex 2106 90 92 agus ex 2106 90 98 a chlárú i gcás táirgí cumaiscthe (cóid TARIC 2905 49 00 15, 2106 90 92 65, agus 2106 90 98 15), ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Rachaidh an clárúchán in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn, fianaise thacaíochta a chur ar fáil nó éisteacht a iarraidh laistigh de 21 lá tar éis dháta foilsithe an Rialacháin seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).